



An Bhruiséil, 16 Nollaig 2022  
(OR. en)

16163/22

---

**Comhad Idirinstiúideach:**  
**2022/0419(NLE)**

---

**AVIATION 322  
RELEX 1749  
ASIE 111**

**TOGRA**

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	15 Nollaig 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 725 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 725 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 725 final



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2022  
COM(2022) 725 final

2022/0419 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le tabhairt i gerích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí**

## **MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

### **1. COMHTHÉACS AN TOGRA**

#### **• Forais agus cuspóirí an togra**

Tar éis bhreithiúnais na Cúirte Breithiúnais sna cásanna ‘Aerspás Oscailte’, mar a thugtar orthu, an 5 Meitheamh 2003, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún túis a chur le caibidlíocht le tríu tíortha maidir le comhaontú ar leibhéal an Aontais (‘an t-údarú cothrománach’) a chur in ionad forálacha áirithe i gcomhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana maidir le haersheirbhísí. Is iad cuspóirí na gcomhaontuithe sin rochtain neamh-idirdhealaithreach a thabhairt d’aeriompróirí uile an Aontais ar aerbhealaí idir an tAontas Eorpach agus tríu tíortha, agus, dá bhrí sin, comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus tríu tíortha a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

#### **• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Forshuífidh forálacha an Chomhaontaith seo na forálacha atá ann cheana in 13 chomhaontú dhéthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus an tSeapáin.

#### **• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Fónfaidh an Comhaontú seo do chuspóir bunúsach de bheartas eitlíochta seachtrach an Aontais ós rud é go ndéantar na comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana maidir le haersheirbhísí a chur i gcomhréir le dlí an Aontais leis.

### **2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

#### **• Bunús dlí**

Airteagal 100(2) agus Airteagal 218(6)(a) CFAE.

#### **• Coimhdeach (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tá inniúlacht sheachtrach eisiach ag an Aontas sa réimse comhaontuithe aeriompair. Ina theannta sin, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Chomhaontaith seo a bhaint amach go leordhóthanach mar gur de chineál cothrománach iad na hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú. Tá gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais níos éifeachtaí mar go bhfuil cumhacht chaibidlíochta níos mó ag an Aontas ná mar atá ag na Ballstáit aonair. Cumhdófar leis an gcomhaontú aonair seo forálacha ábhartha na gcomhaontuithe déthaobhacha ar fad maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus an tSeapáin. Ar deireadh, tá an togra bunaithe go hiomlán ar an ‘údarú cothrománach’ a dheonaigh an Chomhairle, agus na saincheisteanna a chumhdaítear le dlí an Aontais agus le comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí á gcur san áireamh.

#### **• Comhréireacht**

Leis an gComhaontú seo ní dhéanfar forálacha i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí a leasú ná a chomhlánú ach a mhéid is gá chun comhlíonadh dhlí an Aontais a airithiú.

#### **• An rogha ionstraime**

Is é an Comhaontú idir an tAontas agus an tSeapáin an ionstraime is éifeachtúla chun gach comhaontú déthaobhach atá ann cheana maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus an tSeapáin a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.

### **3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach.

- **Comhairliúchán leis na páirtithe leasmhara**

I gcomhréir le hAirteagal 218(4) CFAE, rinne an Coimisiún caibidlíocht i gcomhairle le coiste speisialta. Chuathas i gcomhairle leis an tionscadal eitlíochta chomh maith le linn na caibidlíochta. Cuireadh tuairimí a nochtadh le linn an phróisisin san áireamh. D'fhíoraigh na Ballstáit lena mbaineann cruinneas na dtagairtí do na comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana maidir le haersheirbhísí. Chuir daoine ón tionscadal eitlíochta béis ar a thábhachtaí atá bunús fónta dlí dá n-oibríochtaí.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach.

- **Measúnú tionchair**

Neamhbhainteach.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Leis an togra seo foráltear maidir le simpliú na reachtaíochta. Forshuífidh na forálacha ábhartha de na comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstáit agus an tSeapáin leis na forálacha in aon chomhaontú aonair amháin.

- **Cearta bunúsacha**

Neamhbhainteach.

### **4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA**

Ní bheidh aon impleachtaí ag an togra i dtaca le buiséad an Aontais.

### **5. EILIMINTÍ EILE**

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tabharfaidh na Páirtithe sa Chomhaontú fógra dá chéile i scríbhinn trí bhealaí taidhleoireachta faoi chur i gerích a nósanna imeachta inmheánacha féin is gá chun go dtiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm. Tiocfaidh an Comhaontú i bhfeidhm ar dháta an fhógra is déanaí.

Áirítear i dTaifead na gComhairliúchán a ghabhann leis an gComhaontú a chuirfear inisealacha leis gealltanais ón dá thaobh maidir le cur chun feidhme agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe chun a áirithíú go mbeidh aon socrú a dhéanfar amach anseo maidir le haersheirbhísí idir an tSeapáin agus Ballstáit an Aontais ag teacht go hiomlán le hAirteagal 2 den Chomhaontú. Chuir an dá pháirtí in iúl freisin go bhfuil sé ar intinn acu malartú rialta

tuairimí a chur chun cinn maidir le hábhair eitlíochta agus saincheisteanna a bhaineann leis an gComhaontú.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhórálacha sonracha an togra**

Go traidisiúnta, rialaíodh an caidreamh eitlíochta idirnáisiúnta idir na Ballstát agus tríú tíortha le comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir na Ballstát agus na tríú tíortha sin, leis na hiarscríbhinní a ghabhann leis na comhaontuithe sin agus le socruithe déthaobhacha nó iltaoibhacha gaolmhara eile.

Mar sin fén, sáraíonn clásail ainmniúcháin thraigisiúnta i gcomhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí na mBallstát dlí an Aontais. Leis na comhaontuithe sin ceadaítear do thríú tir ceadanna nó údaruithe aeriompróra a dhiúltú, a tharraingt siar nó a chur ar fionraí, ar aeriompróir é atá ainmnithe ag Ballstát ach nach bhfuil faoi úinéireacht shubstaintiúil ná rialú éifeachtach an Bhallstáit sin ná a náisiúnach. Cinneadh gur idirdhealú é sin in aghaidh aeriompróirí an Aontais atá bunaithe i gcríoch Ballstáit ach atá faoi úinéireacht agus faoi rialú náisiúnach Ballstát eile. Tá sé sin contrártha d'Airteagal 49 den Chonradh ar Fheidhmíú an Aontais Eorpaigh lena ráthaítear do náisiúnaigh na mBallstát a fheidhmíonn a saoirse bhunaíochta an chóir chéanna sa Bhallstáit óstach agus a chuirtear ar náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

I gcomhréir leis na sásraí agus na treoracha san Iarscríbhinn a ghabhann leis an ‘údarú cothrománach’, rinne an Coimisiún Comhaontú a chaibidil leis an tSeapáin a fhórshuífidh forálacha áirithe sna comhaontuithe déthaobhacha atá ann cheana maidir le haersheirbhísí idir na Ballstát agus an tSeapáin. Le hAirteagal 2 den Chomhaontú cuirtear clásail ainmniúcháin de chuid an Aontais in ionad na gclásal ainmniúcháin traidisiúnta, agus leis sin ceadaítear d’iompróirí uile an Aontais tairbhiú go hiomlán dá gceart bunaíochta.

Agus an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú tugtha i gcríoch go rathúil, ba cheart é a shíniú thar ceann an Aontais Eorpaigh. Leis seo moltar cinneadh chuige sin.

Togra le haghaidh

## CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gerích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí**

### TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2), i gcomhar le pointe (a) d'Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le Cinneadh (AE).../... ón gComhairle<sup>1</sup>, síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí ('an Comhaontú') an [...], faoi réir a thabhairt i gerích ar dháta níos déanaí.
- (2) Tá sé de chuspóir ag an gComhaontú comhaontuithe déthaobhacha maidir le haersheirbhísí idir 13 Bhallstát agus an tSeapáin a chur i gcomhréir le dlí an Aontais.
- (3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

#### *Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí ('an Comhaontú') a fhormheas thar ceann an Aontais.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

#### *Airteagal 2*

Rachaidh an Coimisiún ar aghaidh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chuig an bhfógra dá bhforáiltear in Airteagal 6(1) den Chomhaontú, chun toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

---

<sup>1</sup> Cinneadh (AE).../... ón gComhairle maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (IO L [XXX], [XXX], lch. [XX]).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle  
An tUachtaráin*